RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1904 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Deireadh Fómhair 2021

lena nglactar dearadh lógó choitinn le haghaidh táirgí íocshláinte tréidliachta a mhiondíol go cianda

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 104(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Daoine a bhfuil cead acu táirgí íocshláinte tréidliachta a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 103 de Rialachán (AE) 2019/6, féadfaidh siad táirgí den sórt sin a thairiscint lena gciandíol faoi choinníollacha áirithe. Glacfar lógó coiteann, lena n-áirítear hipearnasc chuig liosta údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha de na miondíoltóirí a bhfuil cead acu táirgí íocshláinte tréidliachta a thairiscint lena gciandíol, d'fhonn cuidiú leis an bpobal a fháil amach an bhfuil sé de cheart de réir an dlí ag suíomh gréasáin a bhfuil táirgí den sórt sin á dtairiscint aige iad a chur ar ciandíol.

(2) I ndearadh an lógó choitinn chun táirgí íocshláinte tréidliachta a sholáthar ar ciandíol, áireofar dearadh grafach agus hipearnasc chuig liosta na miondíoltóirí a bhfuil cead acu táirgí íocshláinte tréidliachta a thairiscint lena gciandíol ar shuíomh gréasáin údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha.

(3) I gcomhréir le tuairimí tromlaigh ó na Ballstáit arna gcur in iúl ag cruinniú an Bhuanchoiste um Tháirgí Íocshláinte Tréidliachta an 2 Nollaig 2019, agus le comhairliúchán spriocdhírithe le geallsealbhóirí tríd an ríomhphost an 26 Samhain 2019, ba cheart an lógó coiteann a mhúnlú ar an lógó coibhéiseach le haghaidh táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine ([2]). Léiríodh go bhfuil an lógó seo éifeachtach sa chleachtas trí chead a thabhairt don phobal a fhíorú go bhfuil miondíoltóir i dteideal de réir an dlí táirgí íocshláinte a dhíol ar líne. Chun idirdhealú a dhéanamh idir an dearadh grafach agus an lógó atá ann cheana maidir le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, ba cheart dath eile a úsáid agus ba cheart na litreacha "vet", ar giorrúchán é ar "veterinary", a chur leis.

(4) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 28 Eanáir 2022 i gcomhréir le hAirteagal 153(1) de Rialachán (AE) 2019/6.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Íocshláinte Tréidliachta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh dearadh an lógó choitinn dá dtagraítear in Airteagal 104(6) de Rialachán (AE) 2019/6 i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach san Iarscríbhinn.

([1]) IO L 4, 7.1.2019, lch. 43.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 699/2014 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2014 maidir le dearadh an lógó choitinn chun daoine a thairgeann táirgí íocshláinte lena gciandíol leis an bpobal a shainaithint agus na ceanglais theicniúla, leictreonacha agus chripteagrafacha chun a bharántúlacht a fhíorú (IO L 184, 25.6.2014, lch. 5).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 28 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

(1) Is é seo a leanas an tsamhail don lógó coiteann dá dtagraítear in Airteagal 1:

(2) Is iad seo a leanas na dathanna tagartha:

PANTONE 647 CMYK 88/50/12/0 RGB 63/107/162; PANTONE 2925 CMYK 78/28/0/0 RGB 78/138/224; PANTONE 2905 CMYK 45/10/0/0 RGB 159/195/239; PANTONE 421 CMYK 13/11/8/26 RGB 204/204/204.

(3) An Ballstát ina bhfuil an miondíoltóir bunaithe, ar miondíoltóir é a sholáthraíonn táirgí íocshláinte tréidliachta go cianda don phobal trí bhíthin sheirbhísí na sochaí faisnéise, cuirfear bratach náisiúnta an Bhallstáit sin isteach sa dronuilleog bhán i lár an lógó choitinn (ar chlé).

(4) Is é an Ballstát sin a leagfaidh síos teanga an téacs a bheidh sa lógó coiteann, arb é sin an Ballstát ina bhfuil an miondíoltóir bunaithe, ar miondíoltóir é a sholáthraíonn táirgí íocshláinte tréidliachta go cianda don phobal trí bhíthin sheirbhísí na sochaí faisnéise.

(5) Beidh 90 picteilín ar leithead ar a laghad sa lógó coiteann.

(6) Beidh an lógó coiteann statach.

(7) Má úsáidtear an lógó ar chúlra daite, rud a fhágfaidh go mbeidh sé deacair é a dhéanamh amach, féadfar imlíne teormharcála a úsáid timpeall an lógó chun an chodarsnacht leis an dath cúlra a fheabhsú.

(8) Beidh an hipearnasc, a luaitear in Airteagal 104(5)(c) de Rialachán (AE) 2019/6, idir suíomh gréasáin an mhiondíoltóra atá ceadaithe táirgí íocshláinte tréidliachta a sholáthar go cianda don phobal trí bhíthin sheirbhísí na sochaí faisnéise agus an tsuímh gréasáin a sholáthraíonn an liosta náisiúnta a luaitear in Airteagal 104(8)(c) den Rialachán, socraithe agus cómhalartach.